



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2016

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)

Bonnsraith



GMT51

[GMT51]

DÉARDAOIN 2 MEITHEAMH, 9.15am-10.15am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúbíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna 7 agus 9(b).

Ba chóir duit rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.


9989.02




16GMT5101

Bileog Foirmlí


$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2}(a+b)h$$



$$\text{Toirt priosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$




1 (a) Tarraing líne shiméadrachta ar an chruth thíos.



[1]

(b) (i)



Cad é ord shiméadracht rothlach an chrutha thuas?

Freagra _____ [1]

(ii) Tarraing na línte shiméadrachta **uilig** ar an chruth i gcuid (i). [2]


[Tiontaigh an leathanach



2 Tarraing an frithchaitheamh sa líne scáthánach de gach ceann de na cruthanna seo.

(a)


líne
scáthánach



[2]

(b)

líne
scáthánach



[2]



3 Tá dhá cheist déag i quiz.

Gnóthaíonn gach freagra ceart ceithre pointe.

Cailleann gach freagra mícheart dhá pointe.

(a) Thug Foireann A dhá fhreagra déag chearta.

Cá mhéad pointe a fuair siad san iomlán?

Freagra _____ [1]

(b) Thug Foireann B ocht bhfreagra chearta agus ceithre fhreagra mhíchearta.

Cá mhéad pointe a fuair siad san iomlán?

Freagra _____ [2]

(c) D'fhreagair Foireann C gach ceann den dá cheist déag.

Mínigh cad é mar a thiocfadh leo 30 pointe a fháil san iomlán.

[2]

[Tiontaigh an leathanach



4 Déan **meastachán** ar luach 98×6.9

Ní mór duit do chuid oibre a thaispeáint.

Freagra _____ [2]

5

Dodhéanta	Cinnte	Dóchúil	Neamhdhóchúil
An-neamhdhóchúil		Cothrom	An-dóchúil

Roghnaigh as na focail sa bhosca le cur síos a dhéanamh ar an dóchúlacht a bhaineann le gach ceann acu seo a leanas. Mínigh do fhreagraí.

(a) Ceannaíonn tú ticéad crannchuir agus baineann tú an pota óir.

Freagra _____ mar _____
_____ [2]

(b) Beidh Lá Nollag ar an 25ú Nollaig i mbliana.

Freagra _____ mar _____
_____ [2]



6 Scríobh gach ceann acu seo a leanas ceart go dtí trí phointe de dheachúlacha.

(a) 63.4034

Freagra _____ [1]

(b) 0.09876

Freagra _____ [1]

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

7 Mínigh cad chuige a gcaithfidh $\sqrt{73}$ a bheith ina uimhir idir 8 agus 9.

[2]

8 Oibrigh amach luach

(a) $17 + 5 \times 3$

Freagra _____ [1]

(b) $30 \div (5 - 2)$

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcuid (b) den cheist seo.

9 D'iarr a mhúinteoir ar Jack imscrúdú a dhéanamh ar an dá shlonn ailgéabracha

$$pq + r \text{ agus } p(q + r)$$

(a) Cuireann sé na luachanna $p = 1$, $q = 3$ agus $r = 4$ isteach sa dá shlonn agus faigheann sé go bhfuil an freagra céanna aige.

Taispeáin go bhfuil sé seo fíor.

[4]

(b) Deir Jack go gciallaíonn sé seo go bhfuil $pq + r = p(q + r)$.

Mínigh cad chuige a bhfuil Jack mícheart.

[2]



10 Tá na huimhreacha 2, 4 agus 6 scríofa ar rothlóir trishleasach. Is ionann an dóchúlacht go bhfaighfear gach uimhir.

Tá na huimhreacha 1, 3, 5, 7, 9 agus 11 scríofa ar dhísle cothrom.

I geluiche, déantar an rothlóir a rothlú agus an dísle a rolladh. Suimítear an dá scór le chéile.

(a) Úsáid an tábla déthoiseach leis na torthaí uilig a thaispeáint do shuimiú an dá scóir.

+	1	3	5	7	9	11
2						
4						
6						

[2]

(b) Cad é an dóchúlacht go bhfuil suimiú an dá scóir níos mó ná 12?

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



11 Is féidir achar dromchla sorcóra a aimsiú leis an fhoirmle

$$S = 2A + C$$

Faigh luach C nuair atá $S = 23$ agus $A = 3.5$

Freagra C = _____ [2]

12 Úsáid an fhaisnéis $639 \times 8.5 = 5431.5$ le luach a fháil do

(a) 6.39×85

Freagra _____ [1]


(b) $543.15 \div 850$

Freagra _____ [1]



13 Is traipéisiam é STUR. Tá ST agus RU ingearach leis an líne TU.

Tá $TV = 3 \text{ cm}$, $VU = 4 \text{ cm}$, $ST = 9 \text{ cm}$ agus $RU = 13 \text{ cm}$.



Níl an léaráid tarraingthe go beacht

Faigh achar

(a) an traipéisiam STUR,

Freagra _____ cm^2 [2]

(b) an cheathairshleasáin SVUR.

Freagra _____ cm^2 [2]

[Tiontaigh an leathanach



14 Déan meastachán ar luach

$$\frac{298.7 \times 4.13}{0.526}$$

Ní mór duit do chuid oibre uilig a thaispeáint.

Freagra _____ [3]

15 Déanann 90 dalta triail aisteoireachta do ról i ndrámá na scoile. Is cailíní iad 60 acu.

Is é 0.35 an dóchúlacht go bhfaighidh cailín ról agus is é 0.6 an dóchúlacht go bhfaighidh buachaill ról.

Cá mhéad dalta atá i ndrámá na scoile?

Freagra _____ [4]





SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

9989.02



16GMT5113

LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

9989.02



16GMT5114





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

9989.02



16GMT5115

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir Amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

9989.02/5



16GMT5116